An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Measóireacht Scoile-Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

TUAIRISC
Gaelcholáiste Phort Láirge
Baile Gunnair, Port Láirge
Contae Phort Láirge
Uimhir rolla: 68078U

Dáta na cigireachta: 15 Deireadh Fómhair 2014

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

AN CHIGIREACHT

Meastóireacht Scoile-Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

Rinneadh meastóireacht scoile-uile ar bhainistíocht, cheannaireacht agus fhoghlaim i mí Dheireadh Fómhair 2014 i nGaelcholáiste Phort Láirge. Déantar cur síos sa tuairisc seo ar thátail na meastóireachta agus ar mholtaí a tugadh ar mhaithe le feabhsú na scoile. I rith na meastóireachta, bhuail an fhoireann chigireachta le bord bainistíochta na scoile, leis an bhfoireann bhainistíochta in-scoile agus le grúpaí múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí. Chomh maith leis seo, bhreathnaigh na cigirí ar raon de cháipéisíocht scoile agus ar na freagraí a tugadh i gceistneoirí agus scrúdaigh siad sonraí eile maidir le feidhmiú na scoile. Mar chuid den mheastóireacht, rinneadh cigireacht ar raon de cheachtanna in ábhair éagsúla. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Réamhrá

Iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, chomhoideachais, Chaitliceach, is ea Gaelcholáiste Phort Láirge, an chéad iar-bhunscoil lán-Ghaeilge sa chathair agus sa dúiche máguaird. An Foras Pátrúnachta a bhunaigh in 2007 agus atá mar iontaobhaithe. Aitheantas sealadach atá ag an scoil go fóill ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Suíomh tuaithe, ar imeall bhruachbhaile Bhaile Gunnair, atá ag an scoil, thart ar 6 chiliméadar ón lár, láimh le ceann dá trí bhunscoil friothálacha lán-Ghaeilge. Bhog an scoil go dtí an suíomh reatha in 2011 tar éis ceithre bliana ar láthair eile ar an taobh eile den chathair. Is ó thrí cinn de bhunscoileanna lán-Ghaeilge a tháinig formhór scoláirí Ghaelcholáiste Phort Láirge go dtí seo. Tá an scoil ag fás go mall de réir a chéile. 134 scoláire atá cláraithe don scoilbhliain reatha 2014/15. Foireann bhainistíochta shinsearach ghníomhach a bhí ag feidhmiú tráth na meastóireachta.

Is iad an Teastas Sóisearach, an Idirbhliain atá roghnach, agus an Ardteistiméireacht bhunaithe na cláir atá ar fáil. Tá tiomantas láidir don oideachas lán-Ghaeilge agus don chultúr Gaelach a chothú i measc na scoláirí go feiceálach in obair na scoile.

ACHOIMRE AR THÁTAIL AGUS MOLTAÍ D'FHORBAIRT BHREISE

Príomhthátail

- Tá an bord bainistíochta reatha, atá i ndeireadh a théarma, bunaithe mar is cuí agus tá lántacaíocht tugtha aige leis na dúshláin a shárú chun an chéad iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i gcathair Phort Láirge a bhunú.
- Tá tréimhse cheannródaíoch na scoile istigh agus ní miste anois díriú ar an dara céim i mbainistíocht agus ceannaireacht na scoile.
- Tá an fhoireann bhainistíochta shinsearach ghníomhach dea-eagraithe, éifeachtach agus tá ceannaireacht fónta á tabhairt don fhoireann agus do na scoláirí ar mhaithe leis an bhfoghlaim a threisiú.
- Tá meas ag an bhfoireann teagaisc ar an gcur chuige córasach atá ag an mbainistíocht shinsearach ghníomhach agus ar an oscailteacht agus fáilte atá roimh ionchur na múinteoirí.
- Taobh leis an aon phost freagrachta amháin, tá dáileadh freagrachta go forleathan ann; tá féinspreagthacht na foirne le feiceáil sna cúraimí breise atá á gcomhlíonadh ag baill uile na foirne.
- Tugadh suntas le linn na meastóireachta do dhea-iompar na scoláirí agus don dea-chaidreamh i measc na scoláirí féin agus leis na múinteoirí.

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith sa chuid ba mhó de na ceachtanna a breathnaíodh agus bhí cleachtas an-éifeachtach teagaisc le feiceáil i mionlach suntasach díobh; áiríodh scóip chun forbartha ar líon beag de na ceachtanna.
- Is é próiseas na féinmheastóireachta scoile (FMS) an ghné den mheastóireacht is lú a bhfuil dul chun cinn le tuairisciú ina taobh.

Moltaí d'Fhorbairt Bhreise

- Is mithid na nósanna imeachta atá mar bhonn le bainistíocht agus ceannaireacht na scoile a chomhdhlúthú trí chomhpháirtíocht níos mó le pobal na scoile, faoi mar atá an cleachtas ag foireann bhainistíochta shinsearach ghníomhach na scoile faoi láthair.
- Ba chóir don bhord bainistíochta nua sceideal polasaithe riachtanacha nach bhfuil glactha cheana a aontú lena gceapadh agus lena n-athbhreithniú, tuairiscí cigireachta a phlé, agus machnamh ar thuairisciú a dhéanamh do phobal na scoile ar oibriú na scoile.
- Moltar na róil agus freagrachtaí don fhoireann bhainistíochta shinsearach, bíodh sin buan nó gníomhach, a bheith sainithe go soiléir.
- Ba chóir an Idirbhliain mar chlár roghnach nó éigeantach a shoiléiriú agus méid an ama teagaisc atá á chailliúint le tréimhsí taithí oibre agus obair dheonach a chiorrú.
- Rachadh sé chun leasa na foghlama i mionlach na gceachtanna ach na straitéisí maithe measúnaithe chun foghlama a bhí in úsáid go comónta a fheidhmiú níos fearr.
- Ní mór céimeanna a ghlacadh chun an Fhéinmheastóireacht Scoile a chur chun cinn mar is cuí agus Pleananna Feabhsúcháin Scoile a dhréachtú, a fheidhmiú agus a athbhreithniú.

1. CÁILÍOCHT BHAINISTÍOCHT AGUS CHEANNAIREACHT NA SCOILE

1.1 Úinéireacht agus bainistíocht na scoile

Tá an bord bainistíochta reatha, atá i ndeireadh a théarma, bunaithe mar is cuí agus tá lántacaíocht tugtha aige leis na dúshláin a shárú chun an chéad iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i gcathair Phort Láirge a bhunú.

Tá an gaol idir an bord agus foras iontaobhaithe na scoile fós i mbéal forbartha; tuairiscíodh nár cuireadh treoir ar bhaill an bhoird go sonrach maidir le feidhmeanna an bhoird agus cúraimí na gcomhaltaí. Moltar an nasc seo a threisiú ar mhaithe le cúrsaí rialachais an bhoird a fheabhsú. Moltar tuairisc chomhaontaithe ar imeachtaí chruinnithe an bhoird, le scaipeadh ar an bhfoireann teagaisc agus ar ionadaithe tuismitheoirí, a ghlacadh mar chéim láithreach chun comhpháirtíocht na bpáirtithe i riar na scoile a fheabhsú.

Tá líon áirithe polasaithe éigeantacha glactha ag an mbord lena n-áirítear, polasaí iontrála agus caomhnú leanaí. Tá an cur chuige don athbhreithniú atá ar bun faoi láthair ar chód iompair agus gnásanna frithbhulaíochta na scoile comhoibríoch, cuimsitheach agus le moladh; ba cheart an cur chuige seo a chleachtadh feasta.

Mar bhunpholasaí i ndáil le riar agus aidhmeanna na scoile, áirítear an polasaí iontrála aon leathanaigh a bheith gann ar eolas, go háirithe mar a bhaineann le cur síos ar éiteas na scoile.

Tá polasaithe riachtanacha eile fós le dréachtú agus tá príomhghnéithe de shaol na scoile faoi réir ag nósanna imeachta seachas ag polasaithe foirmiúla. Orthu seo tá Oideachas Caidreamh agus Gnéasachta (OCG), Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), úsáid substaintí, úsáid inghlactha an idirlín, Treoir. Ní mór an t-easnamh seo a leigheas.

Aithníonn an bord atá ag deireadh a théarma go bhfuil tréimhse cheannródaíoch na scoile istigh agus nach miste anois díriú ar an dara céim i mbainistíocht agus ceannaireacht na scoile. Molann an fhoireann mheastóireachta gur mithid na nósanna imeachta atá mar bhonn le bainistíocht agus ceannaireacht na scoile a chomhdhlúthú trí chomhpháirtíocht níos mó le pobal na scoile, faoi mar atá an cleachtas ag an bhfoireann bhainistíochta shinsearach ghníomhach anois. Ba chóir don bhord nua sceideal polasaithe riachtanacha a aontú lena gceapadh agus lena n-athbhreithniú agus machnamh ar thuairisciú a dhéanamh do phobal na scoile ar oibriú na scoile.

Tá coiste na dtuismitheoirí páirteach go gníomhach i gcur chun cinn na scoile i measc an phobail agus tríd an soláthar acmhainní a fheabhsú. Tá comhairle na scoláirí tofa a bhfuil ról fiúntach cinnireachta á bheartú dóibh faoi threoir an phríomhoide ghníomhaigh. B'fhiú cur le próifíl an dá ghrúpa ionadaíocha seo agus an nasc atá ag an mbord leo a threisiú.

I dtaca leis an meastóireacht seo, tá dhá fhoireann bhainistíochta shinsearach i gceist – an fhoireann ghníomhach a cuireadh ar bun go gairid roimh an meastóireacht, atá ag feidhmiú ar bhonn eatramhach, agus a chas leis an fhoireann mheastóireachta. Chomh maith leis sin tá an fhoireann bhainistíochta shinsearach bhuan a bhí i réim go dtí le déanaí. Ar chúiseanna ar leith níorbh fhéidir bualadh leis an bhfoireann seo le linn na meastóireachta.

Áiríodh an comhoibriú idir bhaill na foirne bainistíochta sinsearaí gníomhaí, agus leibhéal na cumarsáide agus an chomhoibrithe idir iad agus an fhoireann teagaisc a bheith ar ardcháilíocht. Moltar mar sin féin, na róil agus freagrachtaí don fhoireann bhainistíochta shinsearach, bíodh sin buan nó gníomhach, a bheith sainithe go soiléir mar ghnáthnós.

Bhí tosaíochtaí forbartha fiúntacha ag an mbord dá théarma a bhí díreach istigh agus tuiscint ar an ngá atá le bogadh ar aghaidh chuig céim forbartha fadtéarmach. Tá an bord le moladh as dul i gcomhairle leis an bhfoireann teagaisc le déanaí faoin méid sin. De bharr an phróisis sin d'aithin an bhainistíocht shinsearach ghníomhach, i bpáirt leis an bhfoireann teagaisc agus an bord, clár gearrthéarmach soiléir de thosaíochtaí a bheidh le baint amach a luaithe agus is féidir. Tá an chomhpháirtíocht seo le moladh.

Níl dabht ach gurb iad na príomhthosaíochtaí a aithníodh sa phróiseas comhpháirtíochta seo na ceisteanna is práinní don scoil, mar atá, rollúchán a ardú, coinneáil scoláirí a fheabhsú, caidrimh phoiblí agus chumarsáide na scoile a fheabhsú, cur le gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus comhchuraclaim agus ardghnóthachtáil sna scrúduithe teistiméireachta a dhearbhú. Ba chóir don bhord nua straitéisí a chinntiú mar thaca lena mbaint amach.

1.2 Éifeachtacht na ceannaireachta don fhoghlaim

Tá aird chuí á tabhairt ag an mbainistíocht shinsearach ghníomhach ar cheannaireacht a thabhairt don fhoireann agus do na scoláirí ar mhaithe leis an bhfoghlaim a threisiú. Tá struchtúir chinnte á gcur ar fáil mar thaca leis sin. I dtús na scoilbhliana reatha eagraíodh clár de chruinnithe pleanála ábhair don fhoireann teagaisc agus teimpléid chomónta in úsáid ar mhaithe le cáilíocht an obair phleanála a éascú agus a fheabhsú. Bhí a rian sin ar na pleananna ábhair agus scéimeanna oibre a breathnaíodh. Bhí siad leagtha amach i bhfoirm ráiteas foghlama, straitéisí teagaisc, acmhainní cuí, agus iad faoi réir ag modhanna measúnaithe, agus ag an measúnú chun foghlama, cothrom le frámaí ama.

De bhreis air sin tá ról an teagascóra ranga sainithe go soiléir anois don fhoireann, ról a chuimsíonn spriocanna gnóthachtála foghlama aonair do scoláirí a leagadh amach i bpáirt leis na scoláirí féin. Cuireadh an tseirbhís staidéir iar-scoile faoi mhaoirseacht a bhí ag feidhmiú go neamhrialta anuraidh, ar bun arís go luath i mbliana. Chonacthas an soláthar seo ag obair go héifeachtach tráth na meastóireachta agus éileamh mór air.

Tá tacaíochtaí áirithe agus spreagadh tugtha don fhoireann le cúpla bliain anuas lena gcuid riachtanas gairmiúla a fhorbairt. Orthu sin tá forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) don Tionscadal Mata, gné na disléicse de riachtanais oideachais speisialta don chomhordaitheoir, freastal mar fhoireann ar chomhdháil oideachais na heagraíochta *Gaelscoileanna*, agus cúrsa don Ghairmthreoir. Tá múinteoir ag baint amach cáilíochtaí iarchéime faoi láthair i riachtanais oideachais speisialta a chuirfidh tuilleadh leis an dea-eagar agus cúram atá á dhéanamh do na scoláirí seo. Le spreagadh ón bpríomhoide gníomhach thoiligh múinteoir réasúnta nuacheaptha le cúram chomhordú na hIdirbhliana a ghlacadh ar láimh. Is mithid clár comhaontaithe FGL ar bhonn foirne uile a leagadh amach a dhíreoidh ar thacú le straitéisí teagaisc sa seomra ranga.

Léirigh baill uile na foirne teagaisc meas ar a bhfuil á dhéanamh ag an mbainistíocht shinsearach ghníomhach chun tacú leo lena gcúraimí gairmiúla a chomhlíonadh agus a fheabhsú agus chun cáilíocht na cumarsáide leis an bhfoireann a fheabhsú. Cuireadh in iúl go raibh feabhas tagtha ar an méid sin i dtaca le hoscailteacht, struchtúir, dea-eagar agus fáilte roimh ionchur ó na múinteoirí. Tá na tosca seo le moladh agus ba cheart féachaint chuige sa todhchaí gurb iad a bheidh in uachtar i dtaca le bainistíocht agus ceannaireacht ar an bhfoireann agus ar an scoil trí chéile.

Cé nach bhfuil ann go fóill ach an t-aon phost freagrachta amháin, aithnítear féinspreagthacht na foirne lena bhfuil de chúraimí breise á gcomhlíonadh ag baill uile na foirne.

Tá clár réasúnta ábhar á chur ar fáil ag an scoil cothrom lena mhéad agus tá an líon cuí d'uaireanta teagaisc ar fáil. Tá dáileadh an ama ar na hábhair go maith don chuid is mó. Is maith go bhfuil riachtanais scoláirí aonair á gcur san áireamh freisin i ndearadh agus soláthar an amchláir. Ba chóir stádas na hIdirbhliana mar chlár roghnach nó mar chlár éigeantach a shoiléiriú áfach.

Tá iarrachtaí leanúnacha ar siúl ar mhaithe le soláthar na n-ábhar a mhéadú, tá an Ghrafaic Theicniúil tugtha isteach i mbliana ar chlár na hIdirbhliana. Tá ábhair phraiticiúla mar Ealaín, Ceol agus Eacnamaíocht Bhaile ar fáil. Tá an t-easnamh a bhí ann cheana le soláthar an-teoranta OSPS sa tsraith shóisearach leigheasta anois sna cláir ar fad, sóisearach agus sinsearach. Moltar athbhreithniú a dhéanamh sa tsraith shóisearach ar an dáileadh an-íseal don Ghaeilge agus dáileadh ard don Stair agus Tír Eolaíocht agus don dáileadh an-ard don Mhatamaitic sa tsraith shinsearach.

Tugadh faoi deara Oideachas Reiligiúin a bheith in easnamh ar fad ar an amchlár ainneoin aird mhór i gcáipéisí na scoile ar an stádas creidmheach mar scoil Chaitliceach. Moltar an choimhlint dhealraitheach seo idir éiteas agus cleachtas na scoile a shoiléiriú.

Níl cuntas maith sa pholasaí iontrála ar shainspiorad agus misean an scoile agus ba chóir critéir i dtaca le hiontráil chun na hIdirbhliana a chlárú sa pholasaí seo freisin. Tá cúig seachtaine á gcur ar fáil do thaithí oibre san Idirbhliain de bhreis ar lá iomlán gach seachtain do thaithí ar obair dheonach. Tá méid an ama atá á chailliúint san Idirbhliain don teagasc, dá dheasca seo, iomarcach. Ní mór an t-easnamh seo a chur ina cheart.

.

Bhí dea-theist le fáil ar cháilíocht an chúraim a dhéantar do na scoláirí. Léirigh ceistneoirí tuismitheoirí agus scoláirí araon ardleibhéal sástachta maidir le dea-atmaisféar slán sábháilte sa scoil. Luadh chomh maith dea-iompar na scoláirí agus an dea-chaidreamh i measc na scoláirí fein agus idir iad agus na múinteoirí. Bhí an méid seo ag teacht le breathnóireacht na gcigirí le linn na meastóireachta.

Tá seirbhís don Treoir agus don Chomhairleoireacht i mbéal forbartha agus na cúraimí sin á gcomhlíonadh go díograiseach ag baill foirne inmheánacha agus seachtracha. Léirigh an

míshásamh áirithe a bhí le léamh sna ceistneoirí maidir leis an gcúram a rinneadh go dtí seo i ndáil le OSPS agus OCG go mba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an ngné riachtanach seo de sheirbhís chúraim na scoláirí.

Déantar monatóireacht an-mhaith ar dhul chun cinn na scoláirí atá ag fáil tacaíochta bhreise foghlama agus léiríodh cur chuige an-eagraithe agus an-tuiscint do riachtanais na scoláirí seo. Tá saineolas agus cáilíochtaí gairmiúla á mbaint amach ag ball den fhoireann sa réimse seo agus tá eolas á scaipeadh ar an bhfoireann i gcoitinne.

Léirigh líon ard scoláirí sásamh leis an aird a thugtar orthu i mbainistiú na scoile. Tá ceannaireacht na scoláirí á forbairt le comhairle na scoláirí – a bhfuil cúraimí éagsúla ceannaireachta á ndáileadh orthu, faoi threoir an phríomhoide ghníomhaigh.

Tugadh deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*, gan athrú nó leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*.

1.2 *Bainistíocht ar áiseanna*

Bhí láthair na scoile agus na seomraí ranga á gcoinneáil glan néata don chuid ba mhó. Tugadh suntas don pháirc astro-turf, seomra athchóirithe ríomhairí agus leabharlann bheag. Tá iarrachtaí á ndéanamh leis na fadhbanna leanúnacha leathanbhanda a réiteach. B'fhiú filleadh ar na hiarrachtaí a rinneadh cheana le Brat Glas a bhaint amach don scoil.

2. CÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC

2.1 Cáilíocht na foghlama agus an teagaisc

Breathnaíodh naoi gcinn déag de cheachtanna, roghnúchán a chuimsigh réimse leathan ábhar agus bliainghrúpaí. Bhí na múinteoirí ar fad páirteach sa teagasc. Bhí dea-atmaisféar i réim sa ghaol a bhí ag na múinteoirí agus ag na scoláirí lena chéile.

Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith sa chuid ba mhó de na ceachtanna agus bhí cleachtas an-éifeachtach teagaisc le sonrú i mionlach suntasach díobh. Tríd is tríd bhí fianaise ann ar cháilíocht na foghlama a bheith tairbheach, agus in áiteanna ar ardcháilíocht, agus go bhfuil dúshraith mhaith leagtha lena tabhairt ar aghaidh chuig an leibhéal is airde feidhmíochta. Áiríodh scóip chun forbartha ar líon beag de na ceachtanna maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama araon.

Bhí fianaise láidir ar chur chuige comónta á chleachtadh go tairbheach sna modhanna múinte. Mar shampla, bhí an clár bán leagtha amach faoi cheannteidil áirithe ar díríodh aird na scoláirí orthu. Orthu seo bhí torthaí foghlama an cheachta scríofa i bhfoirm inniúlachtaí dearfacha a bheadh ar chumas an scoláire a chur i gcrích faoi dheireadh an cheachta, eochairfhocail a thiocfadh aníos sa cheacht mar thaca don litearthacht, agus an obair bhaile a scríobhadh sna dialanna go luath sa cheacht.

Cuireadh na treoracha sin i bhfeidhm go héifeachtach i gcuid mhór cásanna agus i gcásanna eile rachadh sé chun leasa na foghlama ach na céimeanna seo a fheidhmiú níos fearr, go háirithe am a chur i leataobh ag deireadh an cheachta leis an dul chun cinn a rinneadh leis na torthaí foghlama a bhaint amach a athbhreithniú.

Is inmholta go bhfuil na cleachtais seo faoi réir ag an mbéim ar leith atá á leagadh ag an mbainistíocht shinsearach ghníomhach ar straitéisí measúnaithe chun foghlama. Scaipeadh nóta treorach ar mhúinteoirí ar mhaithe leis na cleachtais seo a bhuanú, nóta a mholann

straitéisí don fhoghlaim ghníomhach, do ransú smaointe, d'obair ghrúpa agus don difreáil. Is den fheabhas san fhoghlaim na straitéisí seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Gné chun forbartha is ea nasc a dhéanamh lena bhfuil foghlamtha cheana. Moltar deis a thabhairt do na scoláirí le réamhfhoghlaim a léiriú agus moladh dá réir a thabhairt.

I gcoitinne bhí na straitéisí ceistiúcháin go maith chun tuiscint na scoláirí a chinntiú. Moltar cúram a dhéanamh le dlúthcheistiúchán agus é a mheascadh le ceistiúchán sonraithe sa tslí is nach iad na scoláirí céanna a fhreagraíonn i gcónaí. Bhí an córas soilse tráchta in úsáid go maith le ranganna sóisearacha mar thaca do na foghlaimeoirí le féinmheasúnú a dhéanamh ar a ndul chun cinn féin san fhoghlaim.

Baineadh dea-úsáid as acmhainní teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) i gcásanna áirithe, tacaithe ag ceistneoirí a chuir leis an bhfoghlaim. I gcoitinne, áfach, baineadh úsáid theoranta as TFC. Luadh deacrachtaí teicniúla leis an leathanbhanda mar chúis leis seo; tá na deacrachtaí seo á leigheas.

Ba mhór idir an cur chuige ag múinteoirí áirithe sa cheacht a bhí scoláire-lárnach amháin beagnach agus an ceacht a bhí múinteoir-lárnach amháin nach mór. Díríodh go mór sa chéad cheann ar thuiscint na scoláirí don ábhar a thabhairt chun solais agus sa dara ceann ar dháileadh eolais. Cumasc den dá chur chuige seo is bisiúla don fhoghlaim.

Tá sé le moladh go bhfuil múinteoirí áirithe i mbun piarbhreathnóireachta ar chleachtas an teagaisc le comhghleacaí ar bhonn trialach. Moltar smaoineamh ar thátail na trialach seo a roinnt leis an bhfoireann chun an nós seo a leathnú.

Ar an iomlán éiríonn go maith le scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta agus tugann céatadán ard scoláirí faoin ardleibhéal sna scrúduithe sin. Tá tús curtha le hanailís a dhéanamh ar ghnóthachtálacha na scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta agus ba chóir féachaint le tátail a bhaint as seo ar mhaithe le straitéisí a cheapadh chun torthaí níos airde a bhaint amach.

3. CUR I BHFEIDHM MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ A RINNEADH ROIMHE SEO

3.1 Bainistíocht

Foilsíodh ceithre thuairisc cigireachta faoin scoil. Tuairiscíodh gur phléigh an príomhoide na tuairiscí le cathaoirleach an bhoird bhainistíochta. Ní bhfuarthas freagra ón mbord ar aon cheann de na tuairiscí. Ní raibh ionadaithe na dtuismitheoirí ar an eolas faoi na tuairiscí tráth na cigireachta. Tuairiscíodh gur cuireadh cóip ar fáil do na rannóga ábhair lenar bhain na tuairiscí ach gur bheag plé a tharla ag leibhéal na foirne uile ar thátail ná ar mholtaí na dtuairiscí. Moltar mar ghnáthnós tuairiscí cigireachta a chur faoi bhráid an bhoird, iad a phlé ag leibhéal foirne uile, agus iad a chur ar fáil do phobal na scoile.

3.2 Foghlaim agus teagasc

Tá an fhoireann bhainistíochta shinsearach ghníomhach ag díriú ar mholtaí scoile uile sna tuairiscí cigireachta foilsithe. Eagraíodh cruinnithe pleanála chun an phleanáil ábhair a threisiú agus tá treoir á cur ar an bhfoireann maidir le straitéisí measúnaithe chun foghlama a chur chun cinn. Tá an cur chuige seo le moladh. Tá gá fós áfach, le díriú ar mholtaí maidir le soláthar íseal don Ghaeilge sa tsraith shóisearach. Sna ceachtanna ar tugadh cuairt orthu bhí iarrachtaí maithe ann leis na moltaí don fhoghlaim agus teagasc a rinneadh sna tuairiscí a chur i bhfeidhm go bisiúil.

4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS ACMHAINN FEABHSAITHE NA SCOILE

Is é próiseas na féinmheastóireachta scoile (FMS) an ghné den mheastóireacht is lú a bhfuil dul chun cinn le tuairisciú ina taobh. Níor ceapadh nascmhúinteoir don litearthacht ná don uimhearthacht ná níor dréachtadh plean feabhsúcháin scoile faoi cheann ar bith de na réimsí FMS a moladh don scoil. Táthar ag díriú ar an méid sin a chur ina cheart áfach. Tá múinteoir i bpost freagrachta ceaptha a bhfuil FMS ar na cúraimí don phost agus tá tús curtha leis an bpróiseas sé chéim FMS don litearthacht. Tá spriocanna áirithe leagtha amach don litearthacht agus á bhfeidhmiú ag leibhéal na scoile uile. Tá iarratas ar FGL déanta ag an scoil leis an bpróiseas FMS agus plean feabhsúcháin scoile a fhorbairt mar ba cheart.

Tuigtear don bhainistíocht shinsearach ghníomhach, don bhord bainistíochta, don fhoireann agus d'ionadaithe na dtuismitheoirí go bhfuil gá le struchtúir mhaithe a chinntiú sa scoil mar chéim riachtanach i mbainistiú agus ceannaireacht na scoile agus ar mhaithe leis na caighdeáin is airde oideachais a dhearbhú do na scoláirí. Tá tacaíocht na foirne teagaisc leis na leasuithe tosaigh atá déanta ag an bhfoireann bhainistíochta shinsearach ghníomhach chuige sin. Tá an chumarsáid go maith idir iad agus na páirtithe leasmhara eile. Le tacaíocht an bhoird nua, tá an mianach ann chun feabhsúchán scoile a fheidhmiú go héifeachtach agus iad a bheith lárnach feasta sa bhainistíocht agus ceannaireacht ar an scoil.

Foilsíodh: Feabhra 2015

Aguisín

Freagra na scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile
Fáiltíonn an Bord Bainistíochta go mór roimh an MSU ann féin agus roimh an deis fhiúntach a tugadh dúinn chun gach aon ghné den Ghaelcholáiste a chur faoi bhráid na Cigireachta agus an phróisis uile meastóireachta.

Fáiltímid roimh an treoir agus an chomhairle a bhain leis an bpróiseas. Is mór an casadh tairbhe é dúinn go léir – An Bord, an Bhainistíocht Shinsearach, na hOidí ar fad, na Daltaí, na Tuistí is Pobal an Ghaelcholáiste i gcoitinne.

Ba ríméadach dúinn uile go raibh dea-iompair is dea-cháilíochtaí ár Scoláirí chomh mór sin chun tosaigh sa Tuairisc. Mar an gcéanna leis an sár-obair atá déanta ag na Bunaitheoirí ó chuireadar An Gaelcholáiste ar an bhfód. Is iontach ar fad, is an Bord ar aon dul leis, an t-éacht oibre atá idir lámha ag an bPríomhoide Gníomhach agus an LeasPhríomhoide Gníomhach.

Fáiltímid roimh na moltaí go léir toisc go n-eascraíonn siad as an mion-scagadh is an mion-anailís a rinneadh le linn na meastóireachta. Is fóirithint den scoth iad is muid ag tabhairt faoin gcéim nua i mbainistíocht is i gceannaireacht an Ghaelcholáiste; is í sin agus an chéim iar-cheannródaíoch. Tá siad go léir, mar mholtaí, dírithe ar an bhfeabhsúchán agus treoir a thabhairt maidir le dea-rialtachas is dea-chleachtas a chur i bhfeidhm, is iontach luachmhar dúinn a leithéid. Táimid ar fad, mar phobal scoile, meáite ar raon is éifeachtúlacht an Ghaelcholáiste a fheabhsú is a leathnú. Tuigimid na cúraimí a ghabhann leis na moltaí sin ar fad.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Tionóladh cruinniú Boird go luath chun mionphlé a dhéanamh ar na moltaí uile. Ghlac an Bord Bainistíochta láithreach le tromchúis na Tuairisce is gach a bhaineann leis. Ghlacamar go fonnmhar leis na moltaí is bhí cuid acu á gcur i bhfeidhm againn sul má bhí an geata fiú bainte amach ag na cigirí is iad ag fágáil na scoile. Ina measc siúd tá na pointí seo leanas:

- An Tuairisc Comhaontaithe curtha ar fáil, go dá-theangach nuair a fheileann sé.
- Oiliúint an Bhoird – curtha i gcrích ag gach Ball anois.
- Nascmhúinteoir ceaptha.
- Polasaithe áirithe deimhnithe – a thuilleadh idir lámha.
- Tuairisc chigireachta pléite go mion is freagra cumtha i mbun sprice.
- Caidrimh phoiblí tosaithe is ag dul ar aghaidh go seoigh.
- Teagaisc is Foghlaim – béim nua air, comhobair ar stráitéisí á dhéanamh.
- Idirbhliain – feabhas curtha ar am teagaisc.
- FMS is PFS – cuirfear tuairisc os comhair an Bhoird mí Feabhra 2015.
- Tosnú déanta ar an gcaidreamh le hiontaobhaithe na scoile, An Foras Pátrúnachta.
- Rollúchán a ardú – níos airde anois ná mar a bhí roimh Nollaig don bhliain seo chugainn. Chuaigh an Cathaoirleach, an Príomhoide Gníomhach, an LeasPhríomhoide Gníomhach in éineacht le scoláirí ón dara bhliain amach chuig bunscoileanna áirithe chun cur i láthair a chothú dhóibh. D'éirigh go geal linn. Bhí dhá thráthnóna oscailte againn don 6ú is 5ú rang ó na bunscoileanna máguaird. Cuireadh imeachtaí is ranganna ar fáil dóibh is bhaineadar an-imléargas ar dhea-ghnás is ar dhea-atmaisféar na scoile.
- Tiocfaidh an Bord is an Fhoireann le chéile, roimh Cháisc 2015, chun stráitéisí is spriocanna fadtéarmacha is gearrtéarmacha a aimsiú is a chinneadh.

- Caidrimh Phoiblí is cumarsáide – e.g. dea-scéal is dea-thuairisciú ar ár nEolaithe Óga san RDS.
- FGL-a) ar na hÁbhair le plé: go dtabharfadh an Bord tacaíocht do na hOidí maidir le costaisí oiliúna. b) Thug an Bord cuireadh do na hOidí teacht is cur i láthair a dhéanamh ar na cláir staidéir atá idir lámha acu.
- Dáileadh ama – cuid dhe feabhsaithe, cuid eile sa bhliain nua acadúil.
- Oideachas Reiligiúin – suirbhé beartaithe chun an t-éileamh a mheas.
- Critéir – á phlé
- Brat Glas – a phlé
- TFC – a) an leathanbhanda feabhsaithe. b) cinneadh á dhéanamh maidir le suíomh nua. c) Ceannaireacht á cothú ag an mBainistíocht Shinsearach chun na hOidí a spreagadh chun úsáid an TFC a mhéadú is a leathnú.